POLASAÍ FOILSEACHÁIN

Márta 2018

Polasaí Foilseacháin – Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Réamhrá

Déantar foráil i gCuid 5 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001-2015 ("an tAcht") go ndéanfaidh Coiste Imscrúdúcháin na Comhairle Múinteoireachta meas agus imscrúdú ar ghearáin. Déantar foráil go reáchtálfaidh Painéil den Choiste Araíonachta fiosrúcháin, más gá.

Déantar foráil i gCuid 5 den Acht freisin d'fhorchur smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann, má dhéantar cinneadh nuair a bhíonn fiosrúchán tugtha chun críche.

Níl foilsiú eolais ábhartha ach amháin má chuireann an Coiste Imscrúdúcháin gearán ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta lena fhiosrú. Mura gcuirtear gearán ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta lena fhiosrú, ní fhoilsítear aon eolas.

Is polasaí atá anseo a dhéanann foráil d'fhoilsiú eolais ar fhiosrúcháin agus ar smachtbhannaí a fhorchuirtear maidir le feidhmiúlacht chun múineadh má dhéantar cinneadh ina leith ar thabhairt chun críche an fhiosrúcháin. Ba chóir an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an Acht. I gcás aighnis idir an polasaí seo agus an tAcht, tabharfar tús áite don Acht.

Fiosrúcháin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Má chuireann an Coiste Imscrúdúcháin gearán ar aghaidh chuig an gCoiste Araíonachta, reáchtálfar fiosrúchán os comhair Painéal den Choiste Araíonachta. D'fhéadfadh:

a) Éisteacht ó bhéal; nó

b) scrúdú ar na doiciméid agus ar aighneachtaí i scríbhinn

a bheith i gceist le fiosrúchán.

Éisteachtaí ó Bhéal

Bíonn fiosrúcháin maidir le feidhmiúlacht chun múineadh a bhíonn ar bun trí éisteacht ó bhéal ar siúl go poiblí, mura:

a) nDéanann an múinteoir, nó finné iarratas, a bhféadfadh ábhar pearsanta a bheith á nochtadh ina leith, agus a bhféadfadh an gearánach a bheith san áireamh ann, an éisteacht go léir, nó cuid de a bheith ar siúl ar bhealach eile seachas go poiblí, **agus**

b) Má tá Painéal an Choiste Araíonachta sásta go mbeadh sé iomchuí sna himthosca an éisteacht iomlán nó cuid di a reáchtáil ar bhealach eile seachas go poiblí.[1]

[1] D'fhéadfadh bealach eile seachas go poiblí an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh:
i. Fiosrúchán a bheith ar siúl go príobháideach; nó
ii. Cuid den fhiosrúchán a bheith ar siúl go príobháideach; nó

Féadfaidh baill den phobal agus na meáin freastal ar éisteachtaí poiblí. Foilseofar féilire maidir le héisteachtaí poiblí ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie.

Déileálfaidh foireann na Comhairle i scríbhinn le ceisteanna aonair maidir le fiosrúcháin atá ar na bacáin.

Ní fhoilseoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta eolas a bhaineann le héisteachtaí roimh ré. Beidh bileoga eolais i bhfoirm cóip chrua ar fáil dóibh siúd atá ag freastal ar an éisteacht, ar lá na héisteachta poiblí.

Fiosrúcháin trí scrúdú a dhéanamh ar Dhoiciméid agus ar Aighneachtaí i Scríbhinn

Bíonn fiosrúcháin a bhíonn ar siúl trí scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar aighneachtaí i scríbhinn agus nach éisteacht ó bhéal atá i gceist, ar siúl go príobháideach.

Fiosrúchán a Thabhairt chun Críche

Tar éis breithniú a dhéanamh ar an fhianaise go léir ag an bhfiosrúchán (mar éisteacht ó bhéal nó mar scrúdú ar dhoiciméid agus ar aighneachtaí i scríbhinn), déanfaidh an Painéal an t-ábhar a phlé i seisiún príobháideach agus ullmhóidh sé tuarascáil ina mbeidh mionsonraí cibé a raibh cruthúnas ann maidir leis an líomhain/leis na líomhaintí.

Cuirfidh an Painéal a thuarascáil ar fáil don mhúinteoir cláraithe agus don Stiúrthóir. Má dhéantar cinneadh maidir leis na líomhaintí, tabharfaidh an Painéal cuireadh don mhúinteoir cláraithe agus don Stiúrthóir aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an smachtbhanna. Féadfaidh an Painéal aighneachtaí ó bhéal nó i scríbhinn a mheas. Measfar éisteachtaí ó bhéal ar an mbealach céanna a reáchtáladh an éisteacht, sé sin, go poiblí, nó ar shlí eile seachas go poiblí. D'fhéadfadh an Painéal cinneadh a dhéanamh smachtbhanna a fhorchur ar an múinteoir cláraithe.

Má dhéanann an Painéal cinneadh ceann amháin de na smachtbhannaí atá níos tromchúisí a fhorchur (m.sh. coinníollacha, fionraí nó an múinteoir a bhaint den chlár), tá 21 lá ag an múinteoir le hachomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt. Sa chás nach ndéantar an cinneadh a achomharc, déanfaidh an Chomhairle iarratas chuig an Ard-Chúirt leis an gcinneadh a dhaingniú.

Foilsiú eolais ar láithreán gréasáin na Comhairle tar éis an fhiosrúcháin

Is faoin gComhairle atá sé cinneadh a dhéanamh cinneadh nó cinntí an Phainéil agus/nó aon smachtbhannaí a bhfuil cinneadh déantar ina leith, le heolas nó gan eolas lena bhféadfaí aon pháirtí a bhfuil baint acu leis an bhfiosrúchán a aithint, a fhoilsiú sá chás gur ar mhaithe le leas an phobail a leithéid sin a dhéanamh.

---

iii. fiosrúchán atá ar siúl go poiblí ach le céannacht aon duine, lena n-áirítear aon fhinné nó institiúid nó láthair a bheith coinnithe anaithnid.

Go ginearálta, ní fhoilseofar cinneadh agus/nó smachtbhanna ar láithreán gréasáin na Comhairle go dtí go mbeidh an smachtbhanna daingnithe ag an Ard-Chúirt, más infheidhme.

Mura ndéantar aon chinneadh agus má éilíonn an múinteoir cláraithe é, foilseoidh an Chomhairle fógra á taifeadadh sin ar bhealach a chinnfidh an Chomhairle. Sa bhreis air sin, cuirfidh an Chomhairle daoine eile den sórt sin ar an eolas má éilíonn an múinteoir a leithéid.

Foilsiú eolais a bhaineann le feidhmiúlacht an mhúinteora ó thaobh sláinte de

Sa chás go mbaineann an fiosrúchán le sláinte an mhúinteora (ar a dtugtar '*neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh*' faoin Acht), féadfaidh an múinteoir iarratas a dhéanamh ar an bPainéal an éisteacht go léir nó cuid di a reáchtáil go príobháideach. Go ginearálta, is dócha go mbeidh fiosruithe a bhaineann le sláinte an mhúinteora oiriúnach lena reáchtáil go príobháideach, ach is faoin bPainéal atá sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn cás ar chás cibé an bhfuil sé oiriúnach lena éisteacht go príobháideach sna himthosca. Ar an mbealach céanna, maidir le foilsiú cinneadh nó cinntí an Phainéil agus nó aon smachtbhannaí a chinneann an Painéal a fhorchur, is faoin gComhairle atá sé cinneadh a dhéanamh cibé gurb é leas an phobail iad a fhoilsiú ar bhonn cás ar chás.

Eolas Breise

- Tabharfar an Clár cothrom le dáta mar is gá le smachtbhanna a fhorchuirtear ar chlárúchán an mhúinteora tar éis fiosrúchán a léiriú.
- Más baint den chlár atá i gceist leis an smachtbhanna, bainfear an múinteoir den chlár ansin.
- Má chuirtear clárú an mhúinteora ar fionraí, beidh sé sin soiléir go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse ar fionraí.
- Má tá coinníollacha curtha le clárú an mhúinteora, beidh an fhíric go bhfuil coinníollacha *feidhmiúlacht chun múineadh* ceangailte soiléir ón gclár poiblí go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha chun sástacht Choiste Araíonachta na Comhairle. Déanfar taifeadadh ar an gclár poiblí go bhfuil coinníollacha maidir le feidhmiúlacht chun múineadh ceangailte le clárú an mhúinteora. Ní bheidh na coinníollacha féin le feiceáil ar an gclár poiblí.
- Comhlíonfaidh an Chomhairle ceanglais an Achta i gcónaí, sé sin daoine áirithe a chur ar an eolas ag céimeanna éagsúla den phróiseas gearáin agus fiosrúcháin, lena n-áirítear, an gearánach, an múinteoir, fostóir an mhúinteora agus an tAire.
- Comhlíonfaidh an Chomhairle a hoibleagáidí tuairiscithe do chomhlachtaí i gcónaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach) agus an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin maidir le leanaí agus Daoine Soghonta a chosaint.
- Má fhorchuirtear smachtbhanna ar an múinteoir ar thabhairt chun críche an fhiosrúcháin, agus má tá údar ag an gComhairle a chreidiúint go bhfuil an múinteoir cláraithe i ndlínse eile, agus go bhféadfadh sé nár tháinig an cinneadh maidir leis an smachtbhanna ar aird comhlachta comhionann na Comhairle Múinteoireachta sa dlínse sin, cuirfidh an Chomhairle fógra i scríbhinn ar fáil don chomhlacht sin maidir leis an gcinneadh smachtbhanna a fhorchur.
- Comhlíonfaidh an Chomhairle, nuair is féidir, na ceanglais atá i dTreoir 2005/36/EC, arna leasú, maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, lena n-áirítear, meicníocht foláirimh a chuireann fógraí ar fáil do Bhallstáit eile maidir le srianta nó le toirmisc atá forchurtha ar mhúinteoirí.
- Má thagann sé ar aird na Comhairle go bhfuil smachtbhanna inchomparáide le ceann de na smachtbhannaí a dtagraítear dóibh san Acht forchurtha ar mhúinteoir cláraithe le linn dó/di a bheith ag múineadh i dtír eile, foilseoidh an Chomhairle é sin ar a láithreán gréasáin, má tá an Chomhairle sásta gurb é leas an phobail é.

Dáta: 26 Márta 2018